CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 174/2020

an 23 Deireadh Fómhair 2020

lena leasaítear Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse [2023/1749]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is iomchuí leanúint de chomhar na bPáirtithe Conarthacha i gComhaontú LEE i ngníomhaíochtaí an Aontais a chistítear ó bhuiséad ginearálta an Aontais agus a bhaineann le hoibriú agus forbairt an mhargaidh inmheánaigh d'earraí agus do sheirbhísí, agus le huirlisí rialachais an mhargaidh inmheánaigh.

(2) Dá bhrí sin, ba cheart, Prótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú chun go mbeifear in ann an comhar leathnaithe sin a chur ar siúl ón 1 Eanáir 2020,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I míreanna 12 agus 14 d'Airteagal 7 de Phrótacal 31 a ghabhann le Comhaontú LEE, cuirtear na focail ', 2019 agus 2020' in ionad na bhfocal 'agus 2019'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2020.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Deireadh Fómhair 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Sabine MONAUNI

* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.